

Comórtas Náisiúnta

SCILEANNA GAIRME

Clár na hIdirbhliana



Forbheathnú ar an gComórtas

Tá an comórtas oscailte do dhaltáí sa tsraith shinsearach in Éirinn a rinne socrúchán oibre. Tá trí chomórtas ar leith ann, agus beidh na daltaí i ngach catagóir in iomaíocht le daltaí sa chatagóir chéanna amháin, mar seo a leanas:

Idirbhliain
Ardteistiméireacht (GCAT agus ATF san áireamh)
Iontrálacha as Gaeilge

Tá sonraí sa doiciméad seo do dhaltáí na hIdirbhliana amháin, d'iontrálacha as Béarla agus as Gaeilge.

Caithfidh daltaí cur isteach ar an gcomórtas tríd an scoil amháin. Caithfidh comhordaitheoir/ múinteoir chlár na hIdirbhliana, GCAT nó ATF nó an treoirchomhairleoir an t-iarratas a fhaomhadh chun go nglacfar leis agus caithfidh sonraí na ndaltaí a bheith ann mar chuid den iarratas.

Sonraí Iarratais – Iarratais Idirbhliana

Doiciméad déanta ar an bpróiseálaí focal, a bhfuil imscrúdú gairme agus ráiteas scileanna gairme ann, atá ag teastáil. Ba cheart go mbeadh an doiciméad soiléir agus gonta agus ba cheart go mbeadh na ranna seo a leanas ann:

1. Sonraí Iontrála:

Sonraí an iontrálaí:

Ainm
Ríomhphost
Uimhir fóin

Sonraí na scoile:

Ainm na scoile
Seoladh na scoile

Sonraí Chomhordaitheoir na hidirbhliana nó an treoirchomhairleora:

Ainm
Ríomhphost
Uimhir fóin

Clár na scoile

Idirbhliain

2. An tImscrúdú Gairme [40%]

Tá an comórtas dírithe ar an imscrúdú gairme ar leith atá déanta agat. Go hidéalach is ionann an ghairm seo agus an ceann a rinne tú i gcomhair do shocrúchán oibre ach níl sé seo indéanta i gcónaí. Más ionann é agus do shocrúchán oibre tá na sonraí seo a leanas ag teastáil:

Teideal an phoist (nó an réimse gairme).

Cur síos ar an bpost (nó ar an réimse gairme) [5%]

Cur síos atá anseo ar an gcineál oibre a bheadh idir lámha ag an duine, na príomhthascanna agus na príomhfhreagrachtaí san áireamh.

Riachtanais Eolais [5%]

Téigh trí liosta na réimsí sainábhar a bhfuil cur síos orthu i mbileog oibre na riachtanas eolais (téigh go dtí na leathanaigh chúil). Roghnaigh an dá réimse eolais is tábhachtaí, dar leat, don ghairm seo agus tabhair fáthanna le do thuairim.

Conairí Oideachais [5%]

Sainaitheir cúrsa amháin a bhfuil an ghairm seo mar thoradh air. Bain úsáid as na ceanteidil seo a leanas chun an t-eolas a chur ar fáil:

Ainm an chúrsa [agus cód má tá sé ar fáil]

Ainm an Choláiste nó na hEagraíochta [m.sh IT Chorcaí]

Riachtanais Iontrála an Chúrsa [m.sh O3 ar a laghad sa Ghaeilge, O3 sa Bhéarla, H4 sa Mhata]

Áit le cur isteach ar an gcúrsa [m.sh tríd an CAO], 360 pointe a bhí ag teastáil anuraidh]

Fad an chúrsa [m.sh 3 bliana lánaimseartha]

Leibhéal na cáilíochta ar an gCreat Náisiúnta [m.sh. Céim – Baitsiléir Onóracha (Leibhéal 8 NFQ ó NUI)]

Na Scileanna Gairme a tugadh faoi deara* [15%]

Téigh trí liosta na scileanna gairme a bhfuil cur síos orthu i mbileog oibre na scileanna gairme (téigh go dtí an leathanach cúil). Roghnaigh dhá scil a thug tú faoi deara i rith do shocrúchán oibre agus déan cur síos ar na fáthanna, dar leat, go bhfuil na scileanna sin tábhachtach do rathúlacht sa ghairm seo.

Na Scileanna Gairme a forbraíodh [10%]

Ag baint úsáide as an liosta céanna scileanna gairme, roghnaigh dhá scil agus déan cur síos ar a ndéanamh tú chun iad a fhorbairt i rith do shocrúchán oibre.

Más imscrúdú ar ghairm atá difriúil leis an socrúchán oibre atá á chur isteach agat, cuir na rudaí seo a leanas in áit rann na scileanna gairme a tugadh faoi deara:

***Na scileanna gairme atá ag teastáil** [15%]

Téigh trí liosta na scileanna gairme a bhfuil cur síos orthu i mbileog oibre na scileanna gairme. Roghnaigh na ceithre scil is tábhachtaí, dar leat, do rathúlacht sa ghairm seo.

3. Tuairisc ar an Taithí Oibre [40%]

Beidh cur síos sa chuid seo den iarratas ar ghnéithe áirithe de do thaithí oibre. Ba cheart go mbeadh an t-eolas seo a leanas ann:

Ainm an fhostóra:

Dátaí an socrúchán oibre

Ba cheart go mbeadh an t-eolas seo a leanas bunaithe ar do thaithí oibre ar dhá lá. Ba cheart an teolas a chur i láthair i bhfoirm dialainne, leathanach amháin do gach lá oibre

Na tascanna a rinne tú [5% + 5%]

Déan cur síos ar na tascanna a bhí le déanamh i rith an lae.

An traenáil a fuair tú [3% + 3%]

Déan cur síos ar aon traenáil, fhoirmeálta nó neamhfoirmeálta, a fuair tú ar an lá.

Caidreamh leis an bhfoireann oibre/custaiméirí [4% + 4%]

Déan cur síos ar aon chaidreamh a bhí agat leis an bhfoireann oibre nó le custaiméirí a bhain leis an bpost.

Deacrachtaí nó dúshlán a bhí ann [5% + 5%]

Déan cur síos ar dheacracht/dúshlán a bhí ann duit agus déan cur síos ar an mbealach a ndeachaigh tú i ngleic leis.

Tuairimí [3% + 3%]

Ar tharla aon rud neamhghnách nó aon rud nach tú ag súil leis? Cén chaoi a raibh rudaí difriúil ón gcaoi a raibh tú ag súil leo? Déan plé ar aon tuairim a bhuail tú i rith an lae.

4. Tátail [10%]

Is deis é socrúchán oibre chun taithí a fháil duit féin ar an obair agus ar an taithí laethúil a bhaineann le do rogha gairme nó réimse gairme. Déan athbhreithniú ar do thaithí trí alt a scríobh ar gach ceann de na ceistanna seo:

Measúnú [5%]

Cén tionchar a bhí ag do thaithí oibre maidir le treo do ghairme pearsanta?

An bhaint atá ag na scileanna leis an ngnáthshaol laethúil [5%]

Céard iad na scileanna a d'fhoghlaim tú ó do thaithí oibre a úsáidfídh tú i do ghnáthshaol laethúil?

An Doiciméad Iarratais [10%]

Ba cheart úsáid a bhaint as próiseálaí focal agus tú ag clóscríobh an iarratais a bheidh formáidithe chun doiciméad soiléir gonta a chur ar fáil. Bain úsáid as na ceithre cheannteideal thuas chun an doiciméad a leagan amach, agus tabhair an t-eolas atá ag teastáil do gach ceannteideal (ní bhuafaidh iarratais neamhiomlána duais).

An bealach le cur isteach ar an gcomórtas

Nuair atá an doiciméad críochnaithe agat ba cheart go seiceálfadh comhordaitheoir na hidirbhliana nó an treoirchomhairleoir é chun a chinntiú go bhfuil na ranna ábhartha ar fad ann. Déan cinnte de go bhfuil an t-eolas cuí ar fad i rann 1 (sonraí iontrála) agus go bhfuil sé cruinn. Is féidir an doiciméad a chur isteach sna bealaí seo.

1. Seol an doiciméad comhlánaithe mar cheangaltán ar ríomhphost chuig careerskills@careersportal.ie

Nó

2. Priontáil an doiciméad agus seol é chuig an seoladh seo:

Iarratas Idirbhliana,
Comórtas Náisiúnta Scileanna Gairme,
7 Páirc Richview,
Cluain Sceach,
Baile Átha Cliath 14.

Nó

3. Cruthaigh an doiciméad ar líne ag baint úsáide as an bhfoirm iarratais atá curtha ar fáil agus cláraigh leis an gcomórtas.

Tá iarratais ar líne ar fáil do dhaltáí a chláraíonn le CareersPortal óna gComhad Gairme. Is é an dáta deiridh d'iarratais ná Mí Aibreáin. Fógrófar na buaiteoirí agus beidh an searmanas bronnta ar siúl i Mí na Bealtaine.

Moltóireacht

Foireann de ghairmithe Acmhainní Daonna (AD), de chomhordaitheoirí chlár náisiúnta na hidirbhliana, GCAT, ATF agus de threoirchomhairleoirí a dhéanfaidh measúnú ar gach iarratas.

Réimsí Eolais - Sainmhíthe

Réimsí Eolais	
Bitheolaíocht	Eolas faoi orgánaigh phlandaí agus ainmhithe, a bhfíocháin, cealla, feidhmeanna, agus an gaol atá acu lena chéile agus leis an timpeallacht.
Ceimic	Eolas faoi chomhdhéanamh ceimiceach substaintí éagsúla, conas a úsáidtear iad, agus modhanna a ndéanta agus a ndiúscartha.
Matamaitic	Eolas faoin uimhríocht, ailgéabar, geoiméadracht, calcalas, staitistic agus a gcuid feidhmiúcháin.
Fisic	Eolas faoi na prionsabail fhisiceacha, na dlíthe fisiceacha, airíonna ábhar, an aimsir, fuinneamh, cáithníní adamhacha agus fo-adamhacha.
Ríomhairí / Leictreonaic	Eolas faoi na cláir chiorcad, micreaphróiseálaithe, trealamh leictreonach, agus/nó cruá-earraí agus bogearraí ríomhaire, lena n-áirítear ríomhchlárú.
Foirgníocht / Tógáil	Eolas faoi na hábhair, na modhanna, agus na huirlisí a bhaineann le tithe, foirgnimh agus struchtúir eile a thógáil nó a dheisiú.
Innealtóireacht / Teicneolaíocht	Eolas faoin innealtóireacht agus faoin teicneolaíocht agus conas trealamh agus uirlisí a úsáid i ndéantús agus i ndearadh earraí agus seirbhísí éagsúla.
Meicnic	Eolas faoi innill agus uirlisí, chomh maith le heolas faoina ndéantús, a gcuid feidhmeanna, conas iad a dheisiú agus a chothabháil.
Talmhaíocht / Timpeallacht	Eolas faoi na modhanna agus na trealamh a úsáidtear chun barraí a fhás agus chun an timpeallacht a chaomhnú.
Táirgeadh / Déantúsaíocht	Eolas faoi amhábhair, modhanna táirgthe, rialú cáilíochta, costais, agus bealaí eile chun earraí a tháirgeadh agus a sholáthar sa chaoi is éifeachtaí agus is fearr.
na Mínealaíona	Eolas faoin teoiric agus na modhanna atá riachtanach do chumadóireacht, táirgeadh, agus cur i ngníomh a dhéanamh ar shaothair cheoil agus rinne, etc.
Dearadh	Eolas faoi na modhanna dearaidh agus na huirlisí a n-úsáidtear i dtáirgeadh a dhéanamh ar phleananna teicniúla beachtais, ar líneochtaí, agus ar shamhail.
Meáin Chumarsáide	Eolas faoi na meáin thraidisiúnta (nuachtáin etc) agus/nó na meáin dhigiteacha nua scríbhneoireacht agus eagarthóireacht, taighde agus bainistíú eolais.
Oideachas / Oilíúint	Eolas ar conas a dhéantar cúrsaí a fhorbairt agus a chur ar fáil agus ar mhodhanna múinteoireachta agus teagaisc do dhaoine aonair.
Béarla	Eolas faoin struchtúr agus faoin ábhar atá i dteanga an Bhéarla, lena n-áirítear brí agus líriú na bhfocal, rialacha na cumadóireachta agus gramadach.
Teanga Iasachta	Eolas faoin struchtúr agus faoin ábhar atá i dteanga iasachta lena n-áirítear brí agus líriú na bhfocal, rialacha na cumadóireachta, gramadach agus fuaimniú.
Staidéar Pobail agus Sóisialta	Eolas faoi iompar grúpa, treochtaí i bhforbairt sochaí, míbhuntáiste sóisialta agus na modhanna chun cúram agus tacaíocht a chur ar fáil dóibh siúd le riachtanais.
Stair / Seandálaíocht	Eolas faoi imeachtaí stairiúla agus na cúiseanna, na táscairí agus na héifeachtaí a bhí acu ar shibhialtacha agus ar chultúir.
Tíreolaíocht	Eolas ar an talamh, ar an bhfarraige, agus ar aermhaiseanna, agus ar dháileadh beatha planda, ainmhioc agus an duine.
Dlí / an Rialtas	Eolas faoi dlíthe, modhanna dlíthiúla, gnásanna cúirte, rialúcháin rialtais, agus an próiseas polaitiúil daonlathach.
Sábháilteacht agus Slándáil Phoiblí	Eolas faoi chórais agus gnásanna a dhéanann daoine, gnóthaí agus maoin a chosaint ó ghníomhaíochtaí coiriúla agus a chinntíonn sábháilteacht poiblí.
Iompar	Eolas faoi mhodhanna a úsáidtear chun daoine nó earraí a iompar go héifeachtúil san aer, le hiarnród, ar an bhfarraige, nó ar an mbóthar.
Leigheas / Fiaclóireacht	Eolas faoin eolas agus na teicnící atá riachtanach chun gortuithe agus galair dhaonna a aithint agus a chóireáil - bearta cosanta i gcúram sláinte.
Síceolaíocht	Eolas faoi iompar daonna, lena n-áirítear éagsúlachtaí an duine aonair agus conas measúnacht agus cóireáil a dhéanamh ar neamhoird iompraíochta agus mothúcháin.
Teiripe / Comhairleoireacht	Eolas faoi na modhanna diagnóise, cóireála agus athshlánaithe a bhaineann le fadhbanna fisiciúla agus intinne, agus eolas ar chomhairleoireacht agus gaimthroir.
Cúram Leanaí	Eolas faoi fhorbairt luath-óige, na modhanna oideachais agus na riachtanais riaracháin a bhaineann le seirbhísí Cúram Leanaí a réachtáil.
Fealsúnacht / Reiligiún	Eolas faoi chórais éagsúla fealsúnachta agus faoi na reiligiúin éagsúla, lena n-áirítear eolas ar na bunphrionsabail, agus an tionchar atá acu ar an gcultúr daonna.
Riarachán / Bainistíocht	Eolas faoi conas gnó a bhainistíú, conas pleanáil a dhéanamh i gcomhair fáis sa ghnó, agus athruithe sa mhargadh a thuar agus conas déileáil leis na hathruithe sin.
Díolachán / Margaíocht	Eolas faoi na teoiricí agus na modhanna a úsáidtear chun táirgí nó seirbhísí a chur chun cinn agus a dhíol.
Pearsanra agus Acmhainní Daonna	Eolas faoi na modhanna a chuirtear i bhfeidhm chun foireann chuideachta a bhainistíú, lena n-áirítear earcaíocht, oilíúint, caidreamh le lucht saothair agus idirbheartaíocht.
Cúram Custaiméirí	Eolas faoi na modhanna a chuirtear i bhfeidhm chun cúram custaiméirí agus seirbhísí pearsanta a sholáthar.
Eacnamaíocht agus Cuntasaíocht	Eolas faoi phrionsabail agus chleachtais eacnamaíochta agus chuntasaíochta, na margatáirgeadais, baincseireacht agus anailís a dhéanamh ar shonraí airgeadais.
Cléireachas	Eolas faoi riachtanais oifige nua-aimseartha, lena n-áirítear ríomhairí a úsáid, comhaid agus taifid a láimhseáil, foirmeacha a dhearadh, agus socruithe a eagrú.
Gruaig agus Scéimh	Eolas faoi chúram gruaige agus scéimhe agus na scileanna praiticiúla atá riachtanach chun oibriú le cliaint.
Spórt agus Fóillíocht	Eolas faoi aclaíocht agus infheidhmeacht choirp an duine dhaonna, na scileanna praiticiúla agus eolas faoi bheith i gcúram daoine i ngnó na fóillíochta.
Óstán, Lónadóireacht & Turasoireacht	Eolas faoi na feidhmeanna agus na ról phoist éagsúla laistigh den earnáil, agus eolas faoi na scileanna atá riachtanach chun seirbhísí a sholáthar don phobal.

Scileanna Gairme - Sainmhíthe

SCILEANNA LE DAOINE	
Suim i mothúcháin daoine eile	Tá suim agat i mbuarthaí agus i mothúcháin daoine eile. Déanann tú iarracht bealaí a aimsiú chun teacht i gcabhair ar dhaoine.
Léargas ar dhaoine eile	Tá tuiscint agat ar cad ina thaobh a dhéanann daoine na rudaí a dhéanann siad, agus tá foighne agat i dtaca leis na gníomhartha a dhéanann daoine eile.
Oscailteacht	Molann tú agus fáiltíonn tú roimh chumarsáid le gach aon duine ag gach aon léibhéal. Tá an claonadh ionat do thaithí phearsanta a roinnt agus muinín a bheith agat as daoine eile.
Meas	Tá an cumas ionat mothúcháin, riachtanais, smaointe, mianta agus roghanna daoine eile (lena n-áirítear daoine ó chultúir agus ó chiníocha eile), a thuiscint.
Cumas Cainte	Tá tú in ann eolas a chur i láthair daoine aonair agus grúpaí, go soiléir agus go muiníneach. Is féidir leat féachaint sna súile ar dhaoine agus is féidir leat aird lucht féachana nó daoine aonair a choimeád.
Éisteacht Ghníomhach	Éisteannt tú go cúramach le daoine eile. Tógann tú do chuid ama ag éisteacht, cuireann tú ceisteanna, agus ní chuireann tú isteach orthu agus iad ag caint.
Comhrá	Labhraíonn tú go soiléir agus éisteannt tú go cúramach. Tugann tú d'aird don duine eile. Lorgaíonn tú soiléiriú nuair is gá agus tuigeann conas déileáil le comharthaíocht choirp.
Áiteamh	Léiríonn tú gur féidir leat dul i bhfeidhm ar dhaoine eile. Cuidíonn daoine leat go héasca.
Ballraíocht foirne	Oibríonn tú go maith le grúpaí daoine agus léiríonn tú tiomantas do chuspóirí na foirne. Tugann tú aird chothrom ar thuirimí gach baill den fhoireann.
Rannpháirtíocht foirne	Nochtann tú do chuid tuairimí agus an dearcadh atá agat os ard agus go hoscailte i ngrúpa. Léiríonn tú go bhfuil tú sásta tascanna agus freagrachtaí a ghlacadh ort féin de réir na taithí atá agat.
Ceannaireacht	Is féidir leat do sprioc a chur ina luí ar dhaoine eile agus is féidir leat daoine a spreagadh chun gnímh. Is maith leat torthaí a bhaint amach agus cuidiú daoine a fháil.
SCILEANNA A BHAINNEANN LE TASCANNA A CHUR i gCRÍCH	
Pleanáil / Eagrú	Leagann tú amach spriocanna soiléire, ainmníonn tú agus aimsíonn tú na foinsí atá ag teastáil agus leagann tú sceideal amach don obair le spriocdhátaí beachta.
Bainistíocht ama	Déanann tú eachtraí agus tascanna a eagrú go cúramach chun a bheith éifeachtach ó thaobh ama de. Baineann tú feidhm as dialann/féilire pleanála chun a chinntiú go gcuirfear na tascanna i gcrích.
Scileanna Praiticiúla	Baineann tú feidhm as trealamh, uirlisí agus teicneolaíocht go héifeachtach. Is féidir leat treoracha a leanúint agus úsáideann tú pé uirlis nó teicneolaíocht is gá.
Scileanna Ríomhaireachta	Tá sé ar do chumas ríomhaire a úsáid go muiníneach chun doiciméid a scríobh, brabhsáil ar an Idirlíon agus chun clár ríomhphost a úsáid. Is féidir leat cóid a shábháil, a aimsiú arís, agus a phriontáil.
Fadhbanna a réiteach	Déanann tú iarracht foinsé na faidhbe a aimsiú, réiteach éifeachtach a fháil agus pé gníomhú atá riachtanach chun an fadhb a réiteach a chur i bhfeidhm.
Feasacht ghnó	Tá tuiscint mhaith agat ar na príomhghníomhaíochtaí gnó a bhíonn ag cuideachta/eagraíocht; ar na deiseanna gnó atá ar fáil, agus ar na príomhiomaitheoirí.
Fócas ar an gcustaiméir	Léiríonn tú tuiscint agus suim i riachtanais an chustaiméara, bíonn tú cairdiúil agus cabhrach, agus déanann tú iarracht déileáil le haon cheist nó le haon ghearrán a bhíonn ag an gcustaiméir.
SCILEANNA PEARSANTA	
Scileanna Foghlama	Cuardaíonn tú deiseanna chun foghlama. Léiríonn tú suim i rudaí nua agus i bhforbairt phearsanta. Lorgaíonn tú aiseolas chun go mbeidh tuiscint níos fearr agat.
Solúbthacht	Titeann tú isteach go maith le dúshláin nua agus cuireann tú fáilte roimh shliote nua chun rudaí a dhéanamh. Bíonn tú go maith ag athrú pleananna agus gníomhuithe chun dul in oiriúint do chúinsí a bhíonn ag athrú.
Spriocanna a leagan amach	Beartaíonn tú cad a theastaíonn uait agus cathain. Bíonn tú éiríthe ar an sprioc i gcónaí, agus déanann tú iarracht aon bhac a sháru má tá sin réadúil.
Scileanna Tionscainmh	Ar do thionscnamh féin, déanann tú iarracht feabhas a chur ar rudaí áirithe. Lorgaíonn tú deiseanna chun dul i dtionchur ar chúrsaí, nó chun cinntiú a dhéanamh.
Neamhspleáchas	Tá an cumas ionat dul i mbun tascanna go héifeachtach, gan mórán cabhrach nó faomhadh ó dhaoine eile, agus gan maoirseacht dhíreach.
Spreagadh	Bíonn tú spreagtha chun do dhícheall a dhéanamh i gcónaí agus ionchais a sháru. Léiríonn tú muinín as do bhuanna agus go bhfuil tú chun do ghealltanais a chomhlíonadh.
Iontaofacht	Is duine freagrach tú agus is féidir brath ort do chuid dualgais a chomhlíonadh. Déanann tú an obair a scagadh go cúramach chun a chinntiú go bhfuil gach rud curtha i gcrích i gceart.
Gairmiúlacht	Bíonn intinn shocair agat agus bíonn smacht agat ort féin nuair a bhíonn tú faoi strus. Déanann tú do dhícheall oibriú chun leasa na heagraíochta i gcónaí, agus bíonn tú gléasta go cuí i gcónaí.